

 Publicly Available | Published by **De Gruyter Mouton** | 2024

An Ghaeilge in Éirinn

Noel Ó Murchadha

<https://doi.org/10.1515/lme.31644380>

Also: The Irish Language in Ireland

Entry Type	Overview Article
Entry Language	Irish; Gaeilge
Keyword	beartas teanga; malartú teanga; dearcadh teanga; oideachas; caighdeánú; meáin
Language	Irish; Gaeilge
Glottocode	iris1253
ISO-3 code	gle
Dialect(s)	Ulster [done1238]; Connacht [conn1243]; Munster [muns1250]
Browse	Country/State → United Kingdom; Republic of Ireland Language Family → Indo-European → Celtic → Irish; Gaeilge

State Covered in Article

State	Poblacht na hÉireann; Tuaisceart Éireann; An Ríocht Aontaithe
Region(s)	Ulaidh; Connachta; Mumha
No of Speakers	1,945,869; Poblacht na hÉireann 1,873,997 (An Phríomhfig Staidrimh 2023); Tuaisceart Éireann 71,872 (NISRA 2022)
ECRML-Protection/Scope	Cosanta faoi Chuid III i dTuaisceart Éireann ach níl sí cosanta i bPoblacht na hÉireann

► Table of Contents

- Illustrative Map
1. Cur síos teangeolaíochta
 2. Déimeagrafaic
 3. Éagsúlacht
 4. Stádas
 5. Meon
 6. Athneartú agus caomhnú

7. Caighdeánú na teanga
 8. Oideachas
 9. Na meáin
 10. Conclúid agus deiseanna taighde don todhchaí
-
-

Illustrative Map




Fig. 0: Léarscáil na hÉireann agus an Ghaeltacht aibhsithe (Ó Murchadha 2021)

1. Cur síos teangeolaíochta

Teanga Ind-Eorpach í an Ghaeilge agus rangáítear í i measc theangacha Ceilteacha na nOileán, amhail Gaeilge na hAlban, Gaeilge Mhanann, an Bhreatnais, an Choirnis agus an Bhriotáinis. Tá gaol gairid tíopeolaíochta ag an nGaeilge leis na teangacha Gaelacha eile (nó na teangacha Q-Ceilteacha mar a thugtar orthu leis), .i. Gaeilge na hAlban in Albain agus in Albain Nua agus Gaeilge Mhanann ar Oileán Mhanann.

Is é bunord na bhfocal sa Ghaeilge ná go dtagann an briathar sa chéad áit san abairt, ansin an t-ainmní agus ansin an cuspóir. Tá ceithre thuiséal sa teanga (ainmneach/cuspóireach, tabharthach, gairmeach, agus ginideach) agus dhá inscne – baininscneach agus firinscneach. Bhíodh inscne neodrach sa tSean-Ghaeilge leis. Is ar an gcéad siolla a bhíonn an t-aiceann de ghnáth agus tá córas athruithe tosaigh (e.g. séimhiú, urú) agus deiridh (e.g. caolú) sa teanga a chuirtear i bhfeidhm ag brath ar an gcomhthéacs gramadúil agus trína n-athraítear an fhuaim ag tosach agus ag deireadh an fhocail.

Cé nach bhfuil údair ar aon intinn ar an gceist (féach Stifter 2023), creideann teangeolaithe gur sa chéad mhílaois BC a tugadh teanga Cheilteach go hÉirinn den chéad uair (Mac Giolla Chríost 2005; Ó Dochartaigh 1992; Ó hUiginn 2008). Is ón 4ú haois AD a thagann an chéad fhianaise scríofa chugainn de leagan ársa den Ghaeilge, i bhfoirm Oghaim. Is é atá san Ogham ná córas scríbhneoireachta bunaithe ar inscríbhinní, ar ghalláin den chuid is mó, agus atá bunaithe ar aibítir na Laidine is cosúil (Stifter 2023). Le teacht na Críostaíochta go hÉirinn ón 5ú haois AD, tháinig an Laidin agus scaip an litearthacht, agus baineadh leas ina dhiaidh sin as aibítir na Laidine chun an Ghaeilge a scríobh. Ó dheireadh an 6ú haois a thagann an scríbhneoireacht is ársa sa Ghaeilge chugainn agus faightear í i bhfoirm nótaí mínithe agus imill ar scrioptúir agus ar théacsanna Laidine. Is é a thugann an fhianaise ón tréimhse sin le tuiscint dúinn ná gurb í an Ghaeilge teanga na hÉireann (Ó Dochartaigh 1992). Is beag fianaise atá ann gur labhraíodh aon teanga dhúchais eile sa tír (Stifter 2023; Ó hUiginn 2008) ná go raibh aon teanga eile seachas an Ghaeilge á labhairt go forleathan in Éirinn ag an am (Stifter 2023; Mac Giolla Chríost 2005: 66). Bíodh is go raibh cumas scoilbhunaithe sa Laidin mar dhara teanga ag an gcléir, ní chreidtear go raibh líofacht sa teanga sin ach ag líon beag den aicme sin (Stifter 2023).

Roinntear stair na Gaeilge ina tréimhsí difriúla bunaithe ar chlaochluithe a tháinig ar an teanga: An tSean-Ghaeilge (7ú–10ú haois); An Mheán-Ghaeilge (10ú–13ú haois); an Nua-Ghaeilge Mhoch (13ú–17ú haois); agus an Nua-Ghaeilge (17ú haois anuas go dtí an lá inniu). Uaireanta roinntear tréimhse na Nua-Ghaeilge ina dá thréimhse leis: An Ghaeilge Iar-Chlasaiceach (17ú hAois–19ú hAois) agus an Nua-Ghaeilge Dhéanach (deireadh an 19ú haois anuas go dtí an lá inniu) (Ó hUiginn 2008). Bhí an Laidin á húsáid sa tír le linn thréimhse na Sean-Ghaeilge agus úsáideadh iasachtaí Laidine sa Ghaeilge, go háirithe focail a bhain leis an scríbhneoireacht agus le cúrsaí eaglasta (Ó hUiginn 2008). Le linn an ama sin, bhí teangmháil idir daoine in Éirinn agus dreamanna san áit a bhfuil An Bhreatain Bheag sa lá inniu agus tógadh focail ar iasacht ón mBreatnais (Mac Giolla Chríost 2005: 69). In ainneoin na dteangmhálacha sin, is dócha gurb í seo an tréimhse ina raibh an úsáid is forleithne á baint as an nGaeilge ar bhonn dlúis agus tíreolaíochta (Ó Dochartaigh 1992). Tháinig athrú ar an scéal ag deireadh an 8ú haois, áfach, le teacht na Lochlannach agus na Sean-Lochlannaise mar d'éirigh leis an tSean-Lochlainnis an lámh in uachtar a fháil mar ghnáthurlabhra sna ceantair uirbeacha (Mac Giolla Chríost 2005; Ó Dochartaigh 1992). Chuaigh an tSean-Lochlainnis i bhfeidhm ar an nGaeilge ó lár an 9ú haois (Greene 1976), go háirithe sna hainmneacha, sna logainmneacha, agus san fhoclóir a bhain leis an tráchtáil agus leis an muir (Mac Giolla Chríost 2005: 72).

Sa bhliain 1167 a tháinig na hAngla-Normannaigh go hÉirinn agus thugadar leo an Fhraincis agus an Béarla, chomh maith leis an mBreatnais, an Bhriotáinis agus an Phléimeannais (Mac Giolla Chríost 2005: 75; Risk 1970). De réir a chéile, fréamhaíodh an Laidin, an Fhraincis agus ansin an Béarla i gcúrsaí riaracháin. Bíodh is gurbh é an Béarla príomhtheanga na gceantar uirbeach, ba í an Ghaeilge an ghnáth-theanga labhartha lasmuigh de na ceantair sin agus i gcaitheamh na haimsire thosnaigh na hAngla-

Normannaigh féin ag labhairt na Gaeilge leis. Bíodh is nach raibh an Ghaeilge á húsáid mórán i gcúrsaí riaracháin, forbraíodh caighdeán thar a bheith códaithe a dtugtar an Ghaeilge Chlasaiceach air agus úsáideadh é sna réimsí arda in Éirinn agus in Albain. Tháinig raidhse iasachtaí ón bhFraincis isteach sa Ghaeilge le linn thréimhse na Nua-Ghaeilge Moiche, go háirithe san fhoclóir a bhaineann leis an ailtireacht, an riarachán agus an chogaíocht (Ó hUiginn 2008; Risk 1970).

Tar éis phlandálacha na dTúdarach agus na Stíobhartach ó lár an 16ú haois go dtí tosach an 17ú haois, daingníodh ardstádas an Bhéarla in Éirinn agus leathnaigh an malartú teanga ó Ghaeilge go Béarla. Leis na plandálacha, tugadh an Béarla isteach go hÉirinn in athuair ó is é a bhí á labhairt ag na lonnaitheoirí Protastúnacha nua, chomh maith leis an Albainis. Bhí an tréimhse seo ina cor cinniúna i stair na Gaeilge (Mac Giolla Chríost 2005; Ó Dochartaigh 1992): bíodh is gur mhéadaigh líon na gcainteoirí Gaeilge tar éis na bplandálacha, tháinig laghdú ar sciar na gcainteoirí i gcoibhneas leis an daonra iomlán (Ó hUiginn 2008). Tar éis na bplandálacha, bhain an Béarla forlámhas amach i réimsí ardstádais: bhí suíomh faoi ghradam aige sa tsochaí (Kelly & Mac Murchaidh 2012; Ó hUiginn 2008) agus is é an Béarla amháin a bhí á úsáid i gcúrsaí rialtais. De dheasca na bPéindlíthe, a bhí i bhfeidhm síos tríd an 18ú haois, cuireadh cosc ar an tromlach Caitliceach sa tír, ar chainteoirí Gaeilge iad a bhformhór mór, ról a bheith acu sna gairmeacha agus sa Pharlaimint, talamh a cheannach, dul isteach i gColáiste na Tríonóide nó vóta a chaitheamh.

Agus an timpeallacht shóisialta mar a bhí, tharlaíodh malartú teanga (ó Ghaeilge go Béarla) agus malartú creidimh (ón gCaitliceachas go dtí an Protastúnachas) go coitianta, i dtosach báire ina measc siúd a raibh stádas ard sóisialta acu agus a raibh an deis is fearr acu buntáiste a bhaint as na malartuithe céanna (Mac Giolla Chríost 2005; Ó Ciosáin 2005; Ó hUiginn 2008). Dá réir sin, bhí idirdhealú le sonrú idir an Ghaeilge agus an Béarla ó thaobh stádais agus phróifíl lucht a labhartha de: tharla go raibh dímheas follasach ar an nGaeilge agus gurbh í teanga na cosmhuintire í, ach bhí ardmheas follasach ar an mBéarla agus ba í teanga na cinsealachta agus na soghluaiseachta sóisialta í.

Ba sa 19ú haois a daingníodh an malartú teanga. Sa mhéid is gur féidir muinín a bheith againn as torthaí daonáireamh, tugann siad le tuiscint gur tháinig laghdú measartha ar úsáid na Gaeilge ó 1770–1800, ach go raibh meath suntasach i gceist ó 1800–1830 agus meath níos suntasaí fós ó 1830–1860 (Fitzgerald 1984: 123–127). Cuireadh dlús leis an malartú teanga le teacht an Ghorta Mhóir (1845–1850), nuair a fuair milliún duine bás agus nuair a d’imigh milliún eile ar imirce, cainteoirí Gaeilge Caitliceacha a bhformhór mór acu. É sin ráite, ceal tacaíochtaí institiúideacha do chainteoirí Gaeilge ón stát nó ó na heaglaisí, bhí an malartú teanga faoi lánseol cheana féin faoin am sin.

Ní raibh tacaíocht shubstaintiúil ar fáil ag an nGaeilge i ngluaiseachtaí polaitiúla na linne ach an oiread óir ba é an Caitliceachas seachas an Ghaeilge príomhuirlis féiniúlachta an 19ú haois agus ba é an Béarla teanga ghluaiseachtaí polaitiúla na linne (Mac Giolla Chríost 2005: 97, 101). Bíodh is gur chainteoirí Gaeilge Caitliceacha iad tromlach mór an phobail ag an am, b’institiúid ghalldaithe í an Eaglais Chaitliceach (Ó Ciosáin 2005). Ina dhiaidh sin, níor fhorbair cultúr láidir cló sa Ghaeilge sa 19ú haois, faoi mar a d’fhorbair i mionteangacha eile, de dheasca mhímhuinín na hEaglaise Caitlicí sa chlódóireacht i nGaeilge (Ó Ciosáin 2005). D’fhag sin gur sa Bhéarla is mó a tharla an chlódóireacht in Éirinn agus dá dheasca sin is sa Bhéarla a shealbhaítí an litearthacht (ach féach Ní Dhonnchadha 1991; Wolf 2014).

Ba bheag an chabhair a bhí i mbunú chóras na scoileanna náisiúnta in 1831 ach an oiread óir ba shuarach an tacaíocht a chuireadh an córas nua sin ar fáil don Ghaeilge. Bhí suíomh lárnach ag an mBéarla sna scoileanna náisiúnta agus tháinig an stádas sin go mór le dúil an phobail i sealbhú an Bhéarla agus na litearthachta, dhá chumas a bhí ríthábhachtach don imirce nó chun dul chun cinn a dhéanamh in Éirinn. Dá réir sin, is dócha gur beag suim a bhí ag an mórfhobal san oideachas trí Ghaeilge (Ó Gráda 2012).

Is léir go raibh fonn ar chainteoirí Gaeilge an 19ú haois an Béarla a fhoghlaim, ach bhí dúil acu sa Ghaeilge leis (Wolf 2014). Bíodh is gur ghníomh comhfhiósach a bhí sa mhalartú teanga do dhaoine áirithe, is i ngan fhios a tharla sé i roinnt mhaith cásanna eile. Ní hamhlaidh gur thréig gach éinne an Ghaeilge d'aon ghnó. B'amhlaidh nár fhág na straitéisí sealbhaithe don Bhéarla spás do chothú na Gaeilge tráth nach raibh tacaíocht institiúideach gur fiú trácht uirthi ar fáil don Ghaeilge agus nuair ba é an Béarla teanga an nua-aoisithe agus an dul chun cinn. Is fíor go raibh an Ghaeilge go mór chun tosaigh mar ghnáthurlabhra sa 19ú haois in Éirinn, ach ba í seo an tréimhse chinniúnach sa mhalartú teanga. Ba le linn na tréimse sin a daingníodh an malartú teanga, próiseas a leanann anuas go dtí an lá inniu.

2. Déimeagrafaic

Tá na ceantair inar mhair an Ghaeilge mar theanga phobail lonnaithe sa Ghaeltacht (na ceantair scáthlínithe ar an léarscáil thuas), ceantair iad sin i bPoblacht na hÉireann (PÉ) atá sainithe ag an stát. Tá brú ar an nGaeilge mar theanga phobail sa Ghaeltacht i gcónaí (Ó Giollagáin et al. 2007; Ó Giollagáin & Charlton 2015). Cainteoirí dátheangacha ar a laghad (Gaeilge agus Béarla) iad na cainteoirí Gaeilge ar fad sa Ghaeltacht a bheag nó a mhór agus tá éagsúlacht le sonrú ó cheantar go ceantar ó thaobh úsáid na Gaeilge sa phobal de (An Phríomh-Oifig Staidrimh 2023; Ó Giollagáin & Charlton 2015). Tá 106,000 duine ina gcónaí sa Ghaeltacht de réir [Dhaonáireamh 2022](https://www.cso.ie/en/baile/eisiuinti/epi/cpp8/daonaireamh2022proifil8-anghaeilgeagusoidiachas/gaeilgeagusanghaeltacht/) (https://www.cso.ie/en/baile/eisiuinti/epi/cpp8/daonaireamh2022proifil8-anghaeilgeagusoidiachas/gaeilgeagusanghaeltacht/) agus cuireadh in iúl go raibh 65,000 (66% den daonra thar 3 bliana d'aois) in ann an Ghaeilge a labhairt. Mar fhreagra ar cheist faoin gcumas teanga sa Daonáireamh, a cuireadh den chéad uair in 2022, chuir tromlach sa Ghaeltacht a raibh Gaeilge acu in iúl go raibh labhairt na Gaeilge go maith (29%) nó go han-mhaith (41%) acu.

Cuireadh in iúl sa Daonáireamh gur labhair 20,261 duine sa Ghaeltacht an Ghaeilge ar bhonn laethúil lasmuigh den chóras oideachais, figiúr a nglactar leis go minic mar léiriúchán ar “fhíorphobal” labhartha na Gaeilge sa Ghaeltacht. É sin ráite, cuireadh in iúl gur labhair 6,500 duine eile sa Ghaeltacht an Ghaeilge ar bhonn seachtainiúil agus is féidir a mhaoímh gur rannpháirtithe iad an dream sin i bpobal na Gaeilge sa Ghaeltacht.

Ag trácht dó ar an rud a dtugann sé dioscúrsa an imeallaithe air, áitíonn Ó Laighin (2022) nár mhiste féachaint go criticiúil ar an mbéim a chuirtear sa dioscúrsa poiblí ar an gcainteoir laethúil lasmuigh den chóras oideachais. Dar leis, tá sé ina chuspóir glan ag rannpháirtithe sa dioscúrsa sin a chur in iúl “nach bhfuil i bpobal na Gaeilge go bunúsach ach grúpa sainleasa imeallach” agus gurb é an sprioc atá ag an dioscúrsa sin ná “féinmhuinín an phobail a lagú, agus an Stát a chumasú chun tacaíocht bheatha a chur ar fáil [...]” (Ó Laighin 2022: 33–34). Faoi mar a d'áitigh Dorian (1982) agus í ag scríobh faoi Ghaeilge na hAlbain, tá cuid mhór de bheocht mionteangacha lonnaithe ar imill lárphobail

a labhartha. Mar sin, tá san áireamh i bpobal Gaeilge na Gaeltachta daoine as measc an 65,000 duine atá in ann an Ghaeilge a labhairt, a bhfuil stór teanga níos teoranta acu nó nach bhfuil tiomantas idé-eolaíochta chomh láidir acu i leith úsáid na Gaeilge, ach a bhaineann leas as an nGaeilge ar bhonn ócáideach de réir mar a théann siad i ngleic le comhthéacsanna ina bhfuil cúrsaíocht ag an teanga. Tá beocht na Gaeilge sa Ghaeltacht ag brath cuid mhór ar an idiroibriú sin idir cainteoirí rialta Gaeilge agus na daoine ar imeall na ngrúpaí sin (Ó hIfearnáin 2022).

Tá an Ghaeltacht lárnach i scéal na Gaeilge, ach ní hí bun agus barr an scéil í sa mhéid is go n-úsáidtear an Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht leis, in PÉ agus i dTuaisceart Éireann (TÉ) araon. Imirce mhuintir na Gaeltachta chuig ceantair lasmuigh den Ghaeltacht is cúis le cuid de sin agus roghnaíonn roinnt teaghlach nach de bhunadh na Gaeltachta iad an Ghaeilge a labhairt mar theanga bhaile leis. Ina dhiaidh sin, ní mór a aithint go bhfuil ról tábhachtach ag an gcóras oideachais chomh maith, mar a mhíneofar níos déanaí san alt seo.

Maidir le déimeagrafaic cainteoirí Gaeilge, tá an-chodarsnacht le feiscint idir PÉ agus TÉ, agus is scáthán é sin ar an bpatrún malartaithe teanga agus ar an tacaíocht institiúideach a thugtaí agus a thugtar don Ghaeilge sa dá dhlínse. Cuireadh in iúl i nDaonáireamh 2022

([https://www.cso.ie/en/baile/eisiuinti/epi/p-cpp8/daonaireamh2022profil8-](https://www.cso.ie/en/baile/eisiuinti/epi/p-cpp8/daonaireamh2022profil8-anghaeilgeagusoideachas/gaeilgeagusanghaeltacht/)

[anghaeilgeagusoideachas/gaeilgeagusanghaeltacht/](https://www.cso.ie/en/baile/eisiuinti/epi/p-cpp8/daonaireamh2022profil8-anghaeilgeagusoideachas/gaeilgeagusanghaeltacht/)) go raibh 1,873,997 duine i bPoblacht na hÉireann (40% den daonra thar trí bliana d'aois) in ann an Ghaeilge a labhairt. As a measc siúd bhí: 614,727 a labhair an Ghaeilge níos annaimhe ná ar bhonn seachtainiúil; 115,065 a labhair an Ghaeilge ar bhonn seachtainiúil; 71,968 a labhair an Ghaeilge ar bhonn laethúil lasmuigh den chóras oideachais; agus bhí beagnach 473,000 ann nár labhair an Ghaeilge in aon chor. Tá na cainteoirí Gaeilge sa Ghaeltacht a pléadh thuas san áireamh sna figiúirí sin.

In TÉ, áit nach bhfuil an tacaíocht institiúideach chéanna ag an nGaeilge, maítear sa Daonáireamh (NISRA 2022) go bhfuil cumas éigin sa Ghaeilge ag 228,617 duine (12.4% den daonra). Dar leis an bhfoinse chéanna, tá labhairt, léamh, scríobh agus tuiscint na Gaeilge ag 71,872 (as daonra iomlán 1,836,612 thar 3 bliana d'aois) agus maítear gurb í an Ghaeilge an phríomhtheanga bhaile ag 5,969 duine (0.32%) (NISRA 2022). Má fhágtar ar leataobh gur dócha go mbaineann daoine difriúla brí dhifriúil as catagóirí cainteoirí, chítear go bhfuil níos mó cainteoirí rialta Gaeilge lonnaithe lasmuigh den Ghaeltacht ná mar atá sa Ghaeltacht féin. Ní mór a aibhsiú, áfach, nach gnáth-theanga phobail í an Ghaeilge de ghnáth do na cainteoirí Gaeilge sin lasmuigh den Ghaeltacht. Go minic bíonn deiseanna chun an Ghaeilge a úsáid ag brath ar imeachtaí eagraithe, nó gréasáin a bhfuil ceangal acu le scoileanna trí mheán na Gaeilge, le cumainn spóirt agus le grúpaí sóisialta (O'Rourke & Walsh 2020; Joyce 2019).

3. Éagsúlacht

Is dócha go raibh éagsúlacht réigiúnach éigin sa Ghaeilge riamh anall (Ó Maolalaigh 2008; Russell 2005), agus tagraítear don éagsúlacht sin siar ar fad sa 10ú haois (Ó Muircheartaigh 2018). Ní fhágann na canúintí a lorg ar an teanga scríofa go dtí an 17ú haois, áfach (Ó Dochartaigh 1992; Williams 1994). Roimh an 17ú haois, ceileann dílseacht scríbhneoirí do na caighdeáin scríofa pé éagsúlacht chanúnach a gheobhadh a bheith sa teanga ag an am. Tagann deighiltí canúnacha chun solais de réir a chéile sa scríbhneoireacht iar-

Chlasaiceach agus is ionann, a bheag nó a mhór, na deighiltí sin agus canúintí an lae inniu (Ó Dochartaigh 1992), mar atá canúint Uladh ó thuaidh, canúint Chonnacht san iarthar, agus canúint na Mumhan sa deisceart (mar a léirítear ar an mapa). Tá díospóireacht acadúil ann i gcónaí maidir leis an nGaeilge a labhraíte i gCúige Laighean agus pé acu an raibh sé ag teacht le ceann faoi leith de na canúintí eile nó ar chanúint inti féin í (Ó Muircheartaigh 2015: 261–272).

Tá na canúintí comh-intuigthe ag lucht a labhartha, ach tá difríochtaí le fáil i ngach gné den teanga, sa tslí a ndeirtear ainm na teanga féin, fiú. In Ultaibh, deirtear /ge:lik'/. I gConnachta deirtear /ge:l'g'e/ (agus /ge:lik' in áiteanna i Maigh Eo), agus sa Mhumhain deirtear /ge:lən' / nó /ge:lən' /, mar a chloistear sna míreanna thíos.

Aud. 1: “Gaeilge” i gcanúint Uladh (Ó Murchadha 2021)

For audio content please access online version of this entry.

(<https://www.degruyter.com/document/doi/00.0000/LME.lme.31644380/html>)

Aud. 2: “Gaeilge” i gcanúint Chonnacht (Ó Murchadha 2021)

For audio content please access online version of this entry.

(<https://www.degruyter.com/document/doi/00.0000/LME.lme.31644380/html>)

Aud. 3: “Gaeilge” i gcanúint na Mumhan (Ó Murchadha 2021)

For audio content please access online version of this entry.

(<https://www.degruyter.com/document/doi/00.0000/LME.lme.31644380/html>)

Tá éagsúlachtaí san fhoclóir leis. Mar shampla, go traidisiúnta tugtar *murlas* i gCúige Uladh, *ronnach* i gConnachta agus *maicréal* i gCúige Mumhan ar an iasc a dtugtar *mackerel* air i mBéarla.

Aud. 4: “Murlas” i gcanúint Uladh (Ó Murchadha 2021)

For audio content please access online version of this entry.

(<https://www.degruyter.com/document/doi/00.0000/LME.lme.31644380/html>)

Aud. 5: “Ronnach” i gcanúint Chonnacht (Ó Murchadha 2021)

For audio content please access online version of this entry.

(<https://www.degruyter.com/document/doi/00.0000/LME.lme.31644380/html>)

Aud. 6: “Maicréal” i gcanúint na Mumhan (Ó Murchadha 2021)

For audio content please access online version of this entry.

(<https://www.degruyter.com/document/doi/00.0000/LME.lme.31644380/html>)

Tá codarsnacht thuaidh–theas le sonrú i gcás *cn-*, *gn-*, *mn-* agus *tn-* ag tús focal leis. I gcás *cnoc* agus *mná*, mar shampla, /krok/ agus /mra:/ nó /mræ:/ a deirtear de ghnáth in Ultaibh agus i gConnachta, ach deirtear /k_Nuk/ agus /m_{NA}:/ sa Mhumhan.

Aud. 7: “Cnoc” i gcanúint Uladh (Ó Murchadha 2021)

For audio content please access online version of this entry.

(<https://www.degruyter.com/document/doi/00.0000/LME.lme.31644380/html>)

Aud. 8: “Cnoc” i gcanúint Chonnacht (Ó Murchadha 2021)

For audio content please access online version of this entry.

(<https://www.degruyter.com/document/doi/00.0000/LME.lme.31644380/html>)

Aud. 9: “Cnoc” i gcanúint na Mumhan (Ó Murchadha 2021)

For audio content please access online version of this entry.

(<https://www.degruyter.com/document/doi/00.0000/LME.lme.31644380/html>)

Aud. 10: “Mná” i gcanúint Uladh (Ó Murchadha 2021)

For audio content please access online version of this entry.

(<https://www.degruyter.com/document/doi/00.0000/LME.lme.31644380/html>)

Aud. 11: “Mná” i gcanúint Chonnacht (Ó Murchadha 2021)

For audio content please access online version of this entry.

(<https://www.degruyter.com/document/doi/00.0000/LME.lme.31644380/html>)

Aud. 12: “Mná” i gcanúint na Mumhan (Ó Murchadha 2021)

For audio content please access online version of this entry.

(<https://www.degruyter.com/document/doi/00.0000/LME.lme.31644380/html>)

Tá deighilt thuaidh–theas le fáil i bhfuaimniú –ao– chomh maith céanna sa tslí is gur /'ki:l/ a deirtear in Ultaibh agus i gConnachta ach deirtear /'ke:l/ sa Mhumhain, mar shampla.

Aud. 13: “Caol” i gcanúint Uladh (Ó Murchadha 2021)

For audio content please access online version of this entry.

(<https://www.degruyter.com/document/doi/00.0000/LME.lme.31644380/html>)

Aud. 14: “Caol” i gcanúint Chonnacht (Ó Murchadha 2021)

For audio content please access online version of this entry.

(<https://www.degruyter.com/document/doi/00.0000/LME.lme.31644380/html>)

Aud. 15: “Caol” i gcanúint na Mumhan (Ó Murchadha 2021)

For audio content please access online version of this entry.

(<https://www.degruyter.com/document/doi/00.0000/LME.lme.31644380/html>)

Is féidir na canúintí a idirdhealú bunaithe ar an aiceann leis agus cáilíocht na ngutaí i siollaí nach luíonn an t-aiceann orthu (Ó Dochartaigh 1992). Is ar an gcéad siolla a luíonn an t-aiceann de ghnáth sa Ghaeilge agus, seachas líon beag eisceachtaí, tá Ulaidh agus Connachta seasmhach sa mhéid sin. Is ar an gcéad siolla a luíonn an t-aiceann i gCúige Mumhan de ghnáth leis ach mealltar é go siollaí eile le guta fada nó dar críoch -ach(t) (/əx/ nó /əxt/) ar bhonn córasach agus faoi choinníollacha áirithe (Ó Sé 1989). Dá réir sin, don fhocal *oileán*, deirear /'e.laːn/ in Ultaibh, deirtear /'i.l'aːn/ i gConnachta agus deirtear /i.'l'aːn/ sa Mhumhain.

Aud. 16: “Oileán” i gcanúint Ulaidh (Ó Murchadha 2021)

For audio content please access online version of this entry.

(<https://www.degruyter.com/document/doi/00.0000/LME.lme.31644380/html>)

Aud. 17: “Oileán” i gcanúint Chonnacht (Ó Murchadha 2021)

For audio content please access online version of this entry.

(<https://www.degruyter.com/document/doi/00.0000/LME.lme.31644380/html>)

Aud. 18: “Oileán” i gcanúint na Mumhan (Ó Murchadha 2021)

For audio content please access online version of this entry.

(<https://www.degruyter.com/document/doi/00.0000/LME.lme.31644380/html>)

Faightear éagsúlacht idirghlúine sa Ghaeltacht leis. Is minic a shealbhaíonn cainteoirí óga leagan éagsúil den teanga ón leagan a chleacht a sinsir, leagan a thagann faoi anáil an Bhéarla agus na saghsanna difriúla Gaeilge a dtagann siad orthu ar scoil, sa phiarghrúpa, sa chaighdeán agus sna meáin. Tá difríochtaí idirghlúine le fáil i ngach réimse den teanga. Tá “focail Bhéarla” an-choitianta sa ghnáthchaint laethúil (Darcy 2014; Ní Laoire 2016) agus tá “rian an Bhéarla” le feiscint ar fhóineolaíocht agus ar chomhréir na Gaeilge (Ó Curnáin 2007; Péterváry et al. 2014). Níl difríochtaí fóineolaíochta traidisiúnta idir an Ghaeilge agus an Béarla, ná idir fuaimeanna difriúla sa Ghaeilge, chomh suntasach is a bhídís tráth (Ó Curnáin 2007; Péterváry et al. 2014). Tá ord na bhfocal in abairtí Gaeilge ag teacht faoi anáil an Bhéarla leis (Ó Curnáin 2007) agus ní chuirtear athruithe tosaigh agus deiridh traidisiúnta i bhfeidhm go seasmhach agus tá éagsúlacht leathan le fáil anois sa ghné sin den teanga (McGuigan 2016).

Tá stádas institiúideach réasúnta láidir ag an nGaeilge. Dá réir sin, is ann do roinnt mhaith nuachainteoirí Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht a úsáideann an teanga go rialta ach a shealbhaigh í tríd an oideachas, i dteaghlach ina labhraítear Gaeilge, trí iarrachtaí aonair, trí rannpháirtíocht i ngréasáin nuachainteoirí, nó trí dhul i ngleic le meascán de na fearainn sin. Bíodh is go bhfuil roinnt nuachainteoirí dírithe ar chanúintí traidisiúnta, tá nuachainteoirí eile ann nach cás leo noirm thraidisiúnta (Ó Murchadha & Flynn 2018a).

Amhail cainteoirí óga Gaeltachta, tagann Gaeilge nuachainteoirí faoi anáil tosca difriúil. Cuirtear síos ar Ghaeilge daltaí tumoideachais agus nuachainteoirí i ndornán beag foilseachán (e.g. Maguire 1991; McGuigan 2016; Ó Duibhir 2018; Ó Duibhir & Garland 2010; Nic Fhlannchadha & Hickey 2018), áit a mínítear go mbíonn “focail Bhéarla” coitianta sa chaint acu, go mbíonn aistriú séimeantach ón mBéarla le sonrú (Maguire 1991; Ó Duibhir 2018) agus go gcuirtear athruithe tosaigh agus deiridh i bhfeidhm go mírialta sa chaint (McGuigan 2016; Nic Fhlannchadha & Hickey 2017). Ní hamhlaidh go mbíonn gach nuachainteoir iarthraidisiúnta san fhoghraíocht, ach is minic nach ann do ghnéithe fóineolaíochta traidisiúnta, agus nach ann do dhifríochtaí traidisiúnta fóineolaíochta idir an Ghaeilge agus an Béarla agus idir fuaimeanna difriúla sa Ghaeilge féin (Maguire 1991).

Aud. 19: “Gaeilge” á rá ag nuachainteoir (Ó Murchadha 2021)

For audio content please access online version of this entry.

(<https://www.degruyter.com/document/doi/00.0000/LME.lme.31644380/html>)

Aud. 20: “Cnoc” á rá ag nuachainteoir (Ó Murchadha 2021)

For audio content please access online version of this entry.

(<https://www.degruyter.com/document/doi/00.0000/LME.lme.31644380/html>)

Aud. 21: “Mná” á rá ag nuachainteoir (Ó Murchadha 2021)

For audio content please access online version of this entry.

(<https://www.degruyter.com/document/doi/00.0000/LME.lme.31644380/html>)

Aud. 22: “Caol” á rá ag nuachainteoir (Ó Murchadha 2021)

For audio content please access online version of this entry.

(<https://www.degruyter.com/document/doi/00.0000/LME.lme.31644380/html>)

Aud. 23: “Oileán” á rá ag nuachainteoir (Ó Murchadha 2021)

For audio content please access online version of this entry.

(<https://www.degruyter.com/document/doi/00.0000/LME.lme.31644380/html>)

4. Stádas

Tá stádas difriúil ag an nGaeilge in PÉ seachas mar atá in TÉ. Bhí ról lárnach ag an nGaeilge i dtógáil náisiún na hÉireann agus tar éis bhunú Shaorstát Éireann i 1922, tugadh ról lárnach don teanga i bhfearas an stáit. Ó 1937 i leith, tá stádas ag an nGaeilge sa Bhunreacht mar theanga náisiúnta agus mar chéad teanga oifigiúil (Rialtas na hÉireann 1937). Stádas “mar theanga oifigiúil eile” atá ag an mBéarla dar leis an mBunreacht (nó an Sacs-Bhéarla mar a thugtar air sa téacs féin), bíodh is gurb é an Béarla is mó atá á labhairt sa tír. Mionlach iad an dream a úsáideann an Ghaeilge ar bhonn rialta ach mar sin féin níl

Cairt na hEorpa um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh sínithe ag Rialtas na hÉireann don Ghaeilge. Tá baint aige seo le stádas na Gaeilge mar theanga náisiúnta agus mar phríomhtheanga oifigiúil, agus leis an tslí a samhlaítear an Ghaeilge a bheith faoi úinéireacht phobal iomlán na tíre de réir idé-eolaíocht na teanga náisiúnta. Cuireann Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003) agus Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) (2021) an creat reachtaíochta ar fáil do chur i bhfeidhm seirbhísí trí Ghaeilge i gcomhlachtaí poiblí in PÉ. Is de bharr Acht 2003 a bunaíodh Oifig an Choimisinéara Teanga, oifig atá freagrach as faire ar chur i bhfeidhm an Achta. Ó 2007 i leith, is teanga oifigiúil í an Ghaeilge san Aontas Eorpach. De dheasca iarratas ó rialtais dhifriúla, áfach, cuireadh maolú i bhfeidhm a d'fhág nár fheidhmigh an Ghaeilge mar theanga oibre iomlán san AE (European Commission 2019) go dtí gur cuireadh deireadh leis an maolú i mí Eanáir 2022.

Bíodh is go bhfuil an chuma ar an scéal go bhfuil stádas reachtach láidir ag an nGaeilge in PÉ, áitítear go bhfuil forálacha na reachtaíochta teoranta go maith (Walsh 2016; Ó Laighin 2022). Ina dhiaidh sin féin, d'éirigh an chéad Choimisinéir Teanga as oifig in 2013 agus é á mhaoimh aige go raibh ag teip go seasta ar an stát an reachtaíocht a chur i bhfeidhm agus go raibh an Ghaeilge imeallaithe sa riarachán poiblí. Tháinig leasú ar Acht 2003 i bhfeidhm in 2021 agus i measc na bhforálacha san Acht leasaithe tá foráil uailmhianach go mbeadh cumas sa Ghaeilge ag 20% d'earcaithe nua sa tseirbhís phoiblí faoi 2031 (Rialtas na hÉireann 2019).

In TÉ, tá an tírdhreach polaitíochta an-difriúil agus feidhmíonn an Ghaeilge laistigh de chóras rialacháin agus reachtach atá an-éagsúil. Tá ceist na Gaeilge ina cnámh spairne sa dlínse le fada. Bunaíodh TÉ in 1921 sna sé chontae in oirthuaisceart an oileáin ina raibh tromlach Aontachtach ar Photastúnaigh iad den chuid is mó agus áit a raibh mionlach mór Náisiúnach ar Chaitlicigh iad a bhformhór.

Ó thaobh na polaitíochta in TÉ de, is féidir a rá i dtéarmaí ginearálta go bhfuil deighilt bhunúsach ann idir an traidisiún Aontachtach agus an traidisiún Náisiúnach, áit a dteastaíonn ó pháirtithe Aontachtacha naisc leis an mBreatain a chaomhnú agus a neartú, ach áit a dteastaíonn athaontú le PÉ ó pháirtithe Náisiúnacha. Tá córas polaitíochta TÉ bunaithe ar pháirtithe a bheith ag comhroinnt cumhachta, bunaithe ar chóras D'Hondt. Bíodh is go bhfuil tacaíocht ag an nGaeilge i measc Náisiúnaithe agus páirtithe eile, is ceist achrannach í ceist na Gaeilge agus cuireann páirtithe Aontachtacha i gcoinne beartais a chuirfeadh le stádas na teanga. Is deacair dá réir sin reachtaíocht ar son na Gaeilge a chur i bhfeidhm in TÉ.

É sin ráite, réitigh Comhaontú Bhéal Feirste (1998) an tslí do rialtas na Breataine Cairt na hEorpa um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh a shíniú ar son na Gaeilge (Mac Giolla Chríost 2012). Amhail Gaeilge na hAlbain agus an Bhreatainis, tá cosaint anois ag an nGaeilge sa Ríocht Aontaithe faoi Chuid III den Chairt, an leibhéal cosanta is airde. Bíodh sin mar atá, is lú i bhfad an tacaíocht reachtach atá ag an nGaeilge in TÉ i gcomparáid leis an tacaíocht do Ghaeilge na hAlbain in Albain agus go háirithe don Bhreatainis sa Bhreatain Bheag.

In 2006, cuireadh san áireamh i gComhaontú Chill Rìmhinn, comhaontú idir rialtas na Ríochta Aontaithe, rialtas na hÉireann agus páirtithe polaitíochta TÉ, gealltanais le hAcht Gaeilge a bhunú in TÉ. Níor cuireadh an t-acht ar bun riamh, áfach. In ainneoin thacaíocht fhormhór na bpáirtithe polaitíochta don acht, chuir na páirtithe Aontachtacha ina choinne. In 2017, tar éis gur thit an comhthionóil de dheasca scannal faoi scéim fuinnimh

inathnuaite, bhí an-aird ar an nGaeilge i ndioscúrsa polaitiúil na dlínse (féach Dunlevy 2020) nuair a dhiúltaigh Sinn Féin, an príomhpháirtí Náisiúnach, glacadh le comhroinnt cumhachta go dtí go mbunófaí acht Gaeilge. Níor cuireadh comhroinnt cumhachta ar bun arís go dtí 2020, áfach, agus seachas gealltanas maidir le hacht Gaeilge, d'aontaigh na páirtithe go n-aithneofaí stádas na Gaeilge agus go mbunófaí oifig coimisinéara teanga leis an stádas sin a chosaint agus chun cur le forbairt agus le húsáid na Gaeilge sna húdaráis phoiblí (UK Government & Irish Government 2020). I mí na Nollag 2022 cuireadh feidhm reachtúil leis an Acht Féiniúlachta agus Teanga (Tuaisceart Éireann), acht a thugann “aitheantas oifigiúil” do stádas na Gaeilge in TÉ, i measc rudaí eile. Beidh le feiscint cad í an chiall a bhainfear as an bhfoclaíocht éiginnte sin nuair is Náisiúnach atá anois ina Céad-Aire san Fheidhmeannas den chéad uair in 2024 ach nuair is Aontachtóirí iad na hairí Pobal agus Oideachais, dhá aireacht a mbíonn an-tionchar acu ar bheartas Gaeilge TÉ.

5. Meon

Maítear gur casta an caidreamh atá ag muintir na hÉireann leis an nGaeilge (Ó hIfearnáin 2009). Bíodh is gur ag tagairt do PÉ atá an ráiteas sin, is maith a chuireann sé síos ar an meon i leith na teanga ar an oileán i gcoitinne.

Ó na 1970í i leith, léiríonn suirbhéanna náisiúnta in PÉ go bhfuil tacaíocht fhorleathan ag an nGaeilge. Tá meon dearfach i leith na Gaeilge ag tromlach suntasach (idir 60–70%) (Committee on Irish Language Attitudes Research 1975; Darmody & Daly 2015: xi; Mac Gréil & Rhatigan 2009; Ó Riagáin 2007) agus creideann siad gur chóir í a chaomhnú agus a athneartú (Mac Gréil & Rhatigan 2009: 17). Creideann tromlach suaithinseach leis gur gné thábhachtach den tsainiúlacht náisiúnta í an Ghaeilge (Committee on Irish Language Attitudes Research 1975; Darmody & Daly 2015: 78). Tá formhór an phobail ar son na Gaeilge sa chóras oideachais (Ó Riagáin 2007; Darmody & Daly 2015: 80) agus ar son seirbhísí stáit a chur ar fáil trí Ghaeilge (Ó Riagáin 2007). Ina ainneoin sin, ní cloch mhór í an Ghaeilge ar phaidrín an ghnáthphobail agus ní bhíonn trácht mórán uirthi sa dioscúrsa polaitiúil. Is amhlaidh gur feidhm féiniúlachta a bhíonn ag an nGaeilge don tromlach de ghnáth (Ó Riagáin 2007; Watson 2008) agus go bhféachtar ar fhoghlaím na Gaeilge mar uirlis le ceangal a dhéanamh leis an oidhreacht agus leis an am atá caite seachas mar uirlis le saol a chaitheamh trí Ghaeilge sa lá inniu.

Is ann do mhionlach a bhfuil dearcadh diúltach acu i leith na Gaeilge, an dream nach bhfuil an Ghaeilge marbh a dhóthain dar leo, mar a dúirt Uachtarán reatha na hÉireann tráth (e.g. féach Ó Domhnaill 2014: [Why minding our language is a priority](https://www.irishtimes.com/news/social-affairs/why-minding-our-language-is-a-priority-1.1735268)

(<https://www.irishtimes.com/news/social-affairs/why-minding-our-language-is-a-priority-1.1735268>)). Is minic a tharraingíonn an dream a chaitheann go tarcaisneach leis an nGaeilge ar dhioscúrsaí eacnamaíochta agus uirliseacha ina maítear gur beag an luach atá ag an nGaeilge i sochaí dhomhandaithe (Walsh 2011; Rowland 2014). Bíodh is gur tháinig daoine a bhí in aghaidh na Gaeilge le chéile faoi scáth an Language Freedom Movement sna 1960í agus na 1970í (Rowland 2014), ní ann dá leithéid de ghrúpa sa lá inniu. Mar sin féin, is minic a thugtar ardán sna meáin do lucht cáinte na Gaeilge chun a ngearáin a chur in iúl.

Is croí-ábhar í an Ghaeilge san oideachas éigeantach in PÉ. Léiríonn an taighde go bhfuil daltaí i gcoitinne i bhfách leis an nGaeilge agus lena foghlaim (Devitt et al. 2018; Harris & Murtagh 1999: 9; Murtagh 2007; Ní Dhonnabháin 2014: 305). É sin ráite, tá mothúcháin mhalartacha agus éighníomhacht le sonrú chomh maith. Níl daltaí chomh dearfach céanna ina ndearcadh i leith fhoghlaim na teanga is atá ina ndearcadh i leith na teanga agus a cainteoirí (Harris & Murtagh 1999: 91) agus bíonn inspreagadh íseal acu go minic chun an teanga a fhoghlaim (Murtagh 2007). Dar leis an taighde, is beag sásaimh a bhaineann daltaí as foghlaim na Gaeilge (Ó Fathaigh 1991), tá sé deacair agus leamh mar ábhar (Murtagh 2007; Ó Fathaigh 1991; Smyth et al. 2006: 149–150), agus tá sé ar an ábhar is mí-áisiúla agus ar an ábhar is lú a thaitníonn le daltaí (Ó Riagáin 1993; Smyth et al. 2006: 142–152).

Tugann roinnt staidéar léargas ar dhinimicí dearcaidh in TÉ (e.g. Darmody 2016; Darmody & Daly 2015; Mac Giolla Chríost 2001; Ó Riagáin 2007; Department of Culture, Arts and Leisure 2012). Ar an iomlán, tá tacaíocht shuaithinseach ag an nGaeilge, bíodh is nach bhfuil an tacaíocht láidir chéanna le sonrú is atá in PÉ. Tacaíonn beagnach leath den daonra leis an nGaeilge (Darmody & Daly 2015: xi; Department of Culture, Arts and Leisure 2012). Tá beagnach leath (48%) den daonra fásta den tuairim gur chóir í a mhúineadh ar scoil agus creideann tromlach (64%) gur chóir scoileanna trí Ghaeilge a chur ar fáil áit a bhfuil éileamh orthu (Darmody & Daly 2015: xi). Mionlach beag iad an dream a chreideann gur chóir fáil réidh leis an nGaeilge (Darmody & Daly 2015: 84). Ina dhiaidh sin féin, tá dearcadh diúltach i leith na Gaeilge intuigthe sa tslí a gcaithtear leis an nGaeilge sa pholaitíocht agus sa spás poiblí. Mar a luadh, cuireann páirtithe Aontachtacha i gcoinne tionscnaimh a thacódh leis an nGaeilge. Lena chois sin, go minic cuirtear i gcoinne comharthaíocht dhátheangach, comharthaíocht a bhí coiscithe anuas go dtí na 1990í, agus tá samplaí go leor ann inar loiteadh nó inar loisceadh na comharthaí céanna.

Is féidir an dearcadh i leith na Gaeilge in TÉ a idirdhealú ar bhonn polaitíochta agus reiligiúin. Daoine le cúlra Caitliceach is mó a thacaíonn leis an teanga agus tá dóchúlacht níos lú ann go dtacódh daoine le cúlra Protastúnach go láidir léi, bíodh is gur mionlach iad an dream a bhíonn diúltach i leith na teanga (Darmody & Daly 2015: 84). Os a choinne sin, níl Protastúnaigh i gcoitinne ar son tacaíochtaí stáit a chur ar fáil don Ghaeilge agus creideann beagnach ceathrú acu (23.8%) gur chóir fáil réidh leis an teanga agus dearúd a dhéanamh uirthi (Ó Riagáin 2007). É sin ráite, ba mhaith le mionlach suntasach (20%) go labhrófaí an Ghaeilge amach anseo agus tá siad sásta go gcuirfí acmhainní poiblí ar fáil chuige sin (Ó Riagáin 2007).

Is fíor gur scáthán ar thraidisiúin reiligiúnda agus pholaitíochta é an dearcadh ar an nGaeilge in TÉ agus is fuirist féachaint ar an gceist tríd an lionsa sin amháin. Mar sin féin, is freagra róshimplí é a rá go bhfuil an dearcadh ar an nGaeilge ag teacht go hiomlán le difríochtaí polaitíochta agus reiligiúnda, agus go raibh siad riamh (Mac Giolla Chríost & Aitchison 1998). Tá suim curtha sa Ghaeilge le fada ag daoine aonair agus ag grúpaí a bhfuil cúlra Protastúnach Aontachtach acu (Mac Giolla Chríost 2005: 134–171) agus tá sé sin fíor anuas go dtí an lá inniu (féach Dunlevy 2020; McCoy 1997). Ábhar spéise gur chuir tromlach (55%) le cúlra neamh-Chaitliceach i dtaighde McCoy (1997) in iúl nach raibh seasamh láidir acu i leith na Gaeilge, fad is a bhí mionlaigh ann a bhí ar a son nó ina coinne. Tá débhríocht shuntasach le fáil mar sin sa dearcadh ar an nGaeilge i measc Protastúnach agus daoine a bhfuil féiniúlacht Bhriotanach acu (Mac Giolla Chríost 2001).

6. Athneartú agus caomhnú

Má tháinig dlús faoi imeacht i léig na Gaeilge sa tréimhse iar-Chlasaiceach ó thaobh stádais agus úsáide de, lean an malartú teanga ar aghaidh ag tús thréimhse na Nua-Ghaeilge Déanaí (deireadh an 19ú haois). Ach is sa tréimhse sin leis a tháinig freagra ar an malartú teanga. Le linn Athbheochan na Gaeilge ag deireadh an 19ú haois agus tosach an 20ú haois díriodh ar fhéiniúlacht Éireannach Ghaelach a thógaint, bunaithe cuid mhór ar an teanga agus ar an gcultúr traidisiúnta (Uí Chollatáin 2016; Watson 2008). Bunaíodh Conradh na Gaeilge in 1893 agus bhí sé i measc phríomheagraíochtaí ghluaiseacht na hAthbheochana agus bhí sé i measc aidhmeanna an Chonartha stad a chur leis an malartú teanga agus é a chur ar malairt slí (Mac Giolla Chríost 2012; Ó Tuathaigh 2008). Is den tsuim é, i bhfianaise an phlé thuas, gur eagraíocht neamhsheicteach neamhpholaitiúil a bhí sa Chonradh ó thús agus go raibh Caitlicigh agus Protastúnaigh araon san áireamh i mballraíocht na heagraíochta (Mac Giolla Chríost 2005).

I gcaitheamh na haimsire, tugadh le chéile an fhís don fhéiniúlacht Ghaelach, a tharraing go láidir ar cheist na teanga, agus mianta réabhlóideacha ar son neamhspleáchas na hÉireann. Ar deireadh, ba é an toradh a bhí ar an ngluaiseacht seo ná bunú Shaorstát Éireann in 1922, toradh a neartaigh an chríochdheighilt ar oileán na hÉireann a tháinig le bunú TÉ in 1921. Bíodh is nár labhair formhór an daonra an Ghaeilge a thuilleadh, bhí an teanga lárnach i dtógáil náisiúin sa saorstát nua mar glacadh leis go raibh sí ina dlúthchuid d'oidhreacht choitinn an náisiúin (Uí Chollatáin 2016; Watson 2008). Roimh bhunú an stáit, toradh ar ghníomhaíochas pobail a bhí i dtionscnaimh ar son na Gaeilge. Tar éis a bhunaithe, áfach, ghlac an stát freagracht as beartas teanga na Gaeilge agus bhí tiomantas follasach ag an stát don teanga. Os a choinne sin, is beag tacaíocht a bhí agus atá ar fáil don Ghaeilge in TÉ.

Is é bunéirim an bheartais in PÉ le breis is céad bliain anuas ná an Ghaeilge a chaomhnú agus a athneartú áit a labhraítear go fóill í agus deiseanna a chur ar fáil an teanga a fhoghlaim áit nach bhfuil sí ina teanga phobail a thuilleadh. Tá claochlú tagtha ar chur chuige an stáit in imeacht na mblianta, áfach, agus cuirtear síos ar thréimhsí faoi leith sa chlaohlú sin (e.g. Mac Giolla Chríost 2005; Ó Ceallaigh 2020; Ó hIfearnáin 2009; Ó Giollagáin 2014a; Ó Riagáin 1997; Ó Tuathaigh 2008).

Leagadh bunchloch an bheartais teanga sa chéad tréimhse ó 1922 go dtí na 1950í trí insitiúidí na Gaeilge, go háirithe san oideachas agus san earnáil phoiblí. Tharraing an beartas sna luathbhlianta sin go láidir ar bheartais réamh-neamhspleáchais Chonradh na Gaeilge (O'Leary 1994; Mac Giolla Chríost 2005; Ó Riagáin 1997; Ó Tuathaigh 2008). Tá údair ar aon fhocal gurb é saintréith na tréimse sin ná gurb é an stát a thionscnaigh agus a stiúir beartais ar son na Gaeilge.

Tháinig athrú ar an gcur chuige sin ó na 1950í go dtí na 1970í, tráth ar forbraíodh tuiscint as an nua ar ról an stáit sa bheartas teanga (Ó hIfearnáin 2009). Cuirtear síos ar an tréimhse seo mar thréimhse mharbhántachta agus chúlaithe ó thaobh an stáit de (Ó Riagáin 1997), mar thréimhse dhí-institiúidithe (Mac Giolla Chríost 2005, 2012) nó mar thréimhse inar deineadh ath-earnálú ar an nGaeilge (Ó Giollagáin 2014a). Le linn na tréimhse seo, chúlaigh an stát siar ó sprioc na hathbheochana teanga ar bhonn náisiúnta, cuireadh an Ghaeilge i rannóg dá cuid féin seachas í a bheith comhtháite i bhfearais ar fad an stáit, chúlaigh an stát siar ón oideachas stát-urraithe trí Ghaeilge agus ó sheasamh na

Gaeilge mar ábhar éigeantach chun pas a bhaint amach san Ardteistiméireacht, sa Mheánteistiméireacht agus sa Teastas Grúpa, agus maolaíodh agus cuireadh deireadh le riachtanais teanga sa státseirbhís (Mac Giolla Chríost 2005; Ó hÍfearnáin 2009; Ó Riagáin 1997).

Dhein an stát siléig i mbeartas teanga na Gaeilge sna 1970í go dtí na 1990í dar le hÓ Riagáin (1997). Ach, os a choinne sin, gheofaí a rá gurb amhlaidh gur athshamhlaíodh ról an stát sa bheartas teanga le gur tosnaíodh ar dhul i gcomhairle leis an bpobal agus ar a bheith ag freagairt don bhrú a tháinig ón bpobal i leith bheartas teanga na Gaeilge (Ó hÍfearnáin 2009). Tréimhsí í sin inar deineadh athinstitiúidiú ar an teanga dar le Mac Giolla Chríost (2005, 2012). Le linn na tréimhse sin ghlac an stát ról tacaíochta seachas ról ceannasaíochta sa bheartas teanga. Seachas a bheith ina cheannasaí réamhghníomhach, ghlac an stát ról mar éascaitheoir frithghníomhach agus mar thabharthóir do thionscnaimh na cosmhuintire. Tá an cur chuige sin le feiscint go soiléir i bhforbairt na meán craolta agus sa bhéim úr a cuireadh ar an oideachas trí mheán na Gaeilge.

Ó na 1990í go dtí lár na 2000í, ghlac an stát cur chuige déach sa bheartas teanga. Dhírigh sruth amháin ar an nGaeilge mar cheist mhionlaigh chearta-bhunaithe agus bhí an sruth eile dírithe ar an nGaeilge mar cheist oidhreacht (Ó hÍfearnáin 2009). Tháinig athrú ar stádas dlíthiúil na Gaeilge ag leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal na hEorpa, cuireadh áisíneachtaí ar bun le féachaint chuig gnéithe difriúla de bheartas teanga na Gaeilge agus bronnadh freagracht níos mó ar dhaoine aonair agus ar phobail as caomhnú agus athbheochan na teanga.

Ó na 2000í go dtí an lá inniu, bhí tionchar mór ar bheartas teanga na Gaeilge ag an gcliseadh eacnamaíochta domhanda agus ag na beartais déine a lean é. Buaileadh maoiniú don Ghaeilge go díréireach sa chomhthéacs eacnamaíochta sin (Ó Ceallaigh 2020). Tháinig athrú cur chuige i mbeartas teanga na Gaeilge sa tréimhse sin leis. Caitear leis an nGaeilge i mbeartas reatha teanga an stáit mar a bheadh acmhainn inti (Brennan 2018), treocht atá ag teacht lena bhfuil feicthe go hidirnáisiúnta i ré an domhandaithe agus an chaipitleachais dhéanaigh (Heller & Duchêne 2016). Tá ról an stáit anois dírithe níos mó ar sheirbhísí a sholáthair dá thomhaltóirí, an pobal. Mar a aibhsíonn Ó Laighin (2022) dúinn, áfach, teipeann ar an stát ar bhonn seasta fiú na dualgais reachtúla theoranta atá i réim a chur i bhfeidhm. Leantar le seachfhoinsí na freagrachta don bheartas teanga chuig áisíneachtaí agus chuig an bpobal. Cur chuige é sin ar cuireadh tús leis sna 1990í ach tá sé daingnithe go láidir anois i modus operandi an stáit, mar a chítear sa réimeas nua pleanála teanga a tugadh isteach le hAcht na Gaeltachta (Rialtas na hÉireann 2012). Faoin réimeas sin, bronnar an phríomhfhreagracht as an bpleanáil teanga ar phobail áitiúla (féach Ó Ceallaigh 2020; Walsh 2021b). Ina ainneoin sin, is fiú a aibhsiú gur ag an stát atá an chumhacht sna gnóthaí seo i gcónaí, fiú gurb iad na pobail atá freagrach as an bpleanáil teanga.

7. Caighdeánú na teanga

Bhí caighdeáin don scríbhneoireacht i bhfeidhm le linn ré na Sean-Ghaeilge agus na Luath-Ghaeilge Moiche. Caighdeán an-chódaithe a bhí sa Ghaeilge Chlasaiceach, an caighdeán a bhí i réim i dtréimhse na Luath-Ghaeilge Moiche, agus baineadh leas aisti anuas go dtí an 17ú haois (Ó Dochartaigh 1992). Le suaitheadh soch-pholaitiúil an 17ú

haois, baineadh an bonn de na struchtúir a chothaigh an Ghaeilge Chlasaiceach, ligeadh an caighdeán i léig agus tháinig na canúintí chun solais sa teanga scríofa den chéad uair (Ó Dochartaigh 1992; Williams 1994). Ar theacht na hAthbheochana, níorbh ann d'aon norm scríofa a raibh údair aontaithe ina leith (Nic Phaidín 2008; O'Leary 1994: 9; Uí Chollatáin 2016) agus lean díospóireachtaí teasaí faoi noirm don Ghaeilge le linn thréimhse na hAthbheochana. Bhí roinnt údar ar son filleadh ar noirm Chlasaiceacha, ach b'fhearr le dream eile noirm a bheadh bunaithe ar chaint na ndaoine, áit a mbronnfaí gradam ar Ghaeilge chanúnach na gcainteoirí sna ceantair ina raibh an teanga fós á labhairt mar theanga phobail (O'Leary 1994: 9; Uí Chollatáin 2016). Ar deireadh, is ag lucht molta chaint na ndaoine a bhí an lámh in uachtar, bua a dhaingnigh an réigiúnachas mar sprioc ardghradaim sa Ghaeilge, réigiúnachas a mhaireann go fóill sa lá inniu. Is coitianta an mhaise i dteangacha mionlaithe gradam a bhronnadh ar na canúintí traidisiúnta ar an ábhar go gcreidtear gurb iad is barántúla (e.g. Costa, De Korne, & Lane 2018: 12). I gcás na Gaeilge, fágann barántúlacht na gcanúintí Gaeltachta go mbronntar stádas ardghradaim orthu agus go nglactar leo mar spriocanna uilechuimsitheacha do phobal iomlán na teanga.

Is tar éis bhunú Shaorstát Éireann a cuireadh tús foirmiúil le hiarrachtaí an Ghaeilge a athchódú agus is iad Rannóg an Aistriúcháin a thug faoin obair sin. Foilsíodh sraith lámhleabhar ar an scríbhneoireacht chaighdeánach sular foilsíodh An Caighdeán Oifigiúil faoi bhrú mór ama in 1958. Caighdeán don scríbhneoireacht oifigiúil a bhí ann ach ceal caighdeán labhartha, thagraíodh roinnt daoine dó mar chaighdeán don ghramadach labhartha leis (Ó Murchadha & Kavanagh 2022).

Tá paradacs bunúsach le sonrú sa chaighdeán (Ó hIfearnáin 2008). Is é ról Rannóg an Aistriúcháin achtanna agus buanorduithe parlaiminte a aistriú agus dá réir sin bhí dúil acu san aonfhoirmeacht agus sa bheacht. Mar sin féin, fógraíonn na húdair a dtiomantas d'idé-eolaíocht chaint na ndaoine (Rannóg an Aistriúcháin 1958) agus tagann an dá ghné sin le chéile sa chaighdeán. Is caighdeán aonfhoirmeach atá ann den chuid is mó, meascán mearaí ilchanúnach a bhfuil gnéithe ó gach canúint san áireamh ann. Dearadh an caighdeán d'obair na Rannóige ach d'aithin na húdair go mbeadh feidhm leis an gcaighdeán i réimsí eile leis (Rannóg an Aistriúcháin 1958: viii). Comhaontaíodh an caighdeán leis an Roinn Oideachais agus glacadh leis gur chóir cloí leis sa scríbhneoireacht oifigiúil, leathoifigiúil agus fiú neamhoifigiúil (Mac Lochlainn 2010).

Bíodh is go bhfuil an caighdeán bunaithe ar chaint na Gaeltachta, ní hionann é agus aon cheann de na canúintí agus maítear go mbaineann sé dá n-údarás (Ní Ghearáin 2012; Ó hIfearnáin 2008; Ó Murchadha 2016). Go dtí le déanaí, ba é caighdeán 1958 an caighdeán bunaithe, agus d'fheidhmigh sé taobh le foclóirí de Bhaldraithe (1959) agus Uí Dhónaill (1977) agus Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí (Na Bráithre Críostaí 1960) mar fhoinse údaráis don Ghaeilge chaighdeánach.

Ceist chorraitheach í ceist an chaighdeáin sa Ghaeilge. Tá na canúintí traidisiúnta Gaeltachta faoi ghradam follasach ach is beag tacaíocht institiúideach atá acu (Ó hIfearnáin 2009; Ó Murchadha 2016). Tá tacaíocht shubstaintiúil institiúideach ag an gcaighdeán ach diúltaítear dó uaireanta mar leagan saorga den teanga a bhaineann leis an oifigiúlachas (Ó Murchadha & Flynn 2018b). Cuireadh an scéal chun castachta leis le teacht chun cinn foirmeacha nua den teanga i measc cainteoirí óga Gaeltachta agus nuachainteoirí. Áitítear go minic gur toradh iad na cleachtais sin ar shealbhú neamhiomlán ar noirm chanúnacha nó chaighdeánacha. Léiríonn taighde ar an dearcadh ar an éagsúlacht

sa Ghaeilge go bhfuil canúintí traidisiúnta na Gaeltachta faoi ghradam follasach ach go mbíonn dímheas follasach ar chaint na hóige Gaeltachta agus ar Ghaeilge nuachainteoirí (Ó Murchadha 2013; Ó Murchadha & Flynn 2018b). É sin ráite, léirítear go nasctar luach sóisialta agus féiniúlachta le Gaeilge na hóige Gaeltachta agus le Gaeilge nuachainteoirí (Ó Murchadha & Flynn 2018b). Ina dhiaidh sin, nasctar Gaeilge na hóige Gaeltachta agus go háirithe Gaeilge nuachainteoirí leis an gcaighdeán, ar shlite dearfacha agus diúltacha araon (Ó Murchadha & Kavanagh 2022) agus ceistítear gradam na gcanúintí traidisiúnta leis (Ó Murchadha & Flynn 2018a; O'Rourke & Walsh 2020). Seo an comhthéacs idé-eolaíochta inar cuireadh leasuithe difriúla i bhfeidhm ar an gcaighdeán le deich mbliana anuas nó mar sin.

Bíodh is nach raibh aon chor i gcúrsaí caighdeánaithe ar feadh i bhfad, tháinig athruithe móra ar thórdhreach an chaighdeánaithe de bharr bús gníomhaíochta le déanaí. Mar fhreagra ar éilimh go ndéanfaí athbhreithniú ar an gcaighdeán, cuireadh trí leagan nua ar fáil, in 2011, in 2012 (Ó Baoill 2013) and in 2017. Sa bhreis air sin, sheol Foras na Gaeilge, an comhlacht thuaidh/theas a bhfuil freagracht orthu as forbairt fhoclóireacht agus théarmaíocht na Gaeilge, sheol siad an [New English-Irish Dictionary](https://www.focloir.ie/ga) (https://www.focloir.ie/ga) in 2013 agus an *Concise English-Irish Dictionary* in 2020 (Ó Mianáin 2020), dhá ócáid thábhachtacha sa chaighdeánú.

Coiste laistigh den Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta a d'fhorbair caighdeán 2011, *An Caighdeán Oifigiúil do Scríobh na Gaeilge*. Foilsíodh an caighdeán seo ar líne ach níor tugadh aitheantas oifigiúil dó riamh (féach Ó Murchadha 2016). Is iad Rannóg an Aistriúcháin a chum agus a cheap caighdeán 2012 agus 2017, dar teideal *Gramadach na Gaeilge: Caighdeán Oifigiúil – Caighdeán athbhreithnithe* agus *Gramadach na Gaeilge: An caighdeán oifigiúil – An treoir le haghaidh scríbhneoireacht sa Ghaeilge*. Bhí stádas oifigiúil ag caighdeán 2012 go dtí gur foilsíodh caighdeán 2017, an leagan atá anois ina chaighdeán oifigiúil. Is den tsuim é go luaitear go sonrach i dteideal caighdeán 2011 agus 2017 gur caighdeán scríofa iad, rud a thugann le tuiscint nach cúram dóibh noirm don Ghaeilge labhartha.

I gcodarsnacht le caighdeán 1958, chuir caighdeán 2011 síos ar cheithre norm don scríbhneoireacht, ceann do gach ceann de na príomhchanúintí agus ceann eile don scríbhneoireacht oifigiúil. Bhí san áireamh ann leis foirmeacha úra atá anois le fáil sa teanga labhartha agus bhí aiseolas ón bpobal san áireamh ann chomh maith. Chloígh caighdeán 2012 leis an smaoineamh gur chóir caighdeán lárnach amháin a chur ar fáil, ach cuireadh leis an roghnachas a bhí ar fáil sa chaighdeán sin i gcomparáid le caighdeán 1958. Amhail caighdeán 2011, bhí comhairliúcháin leis an bpobal san áireamh agus caighdeán 2017 á fhorbairt. Go deimhin féin, maítear gur toradh ar aiseolas ón bpobal a bhí sa chinneadh tarraingt siar ón roghnachas a bhí ar fáil i gcaighdeán 2012 (Rannóg an Aistriúcháin 2017). San áireamh san acht ina bpléitear le ceist an chaighdeán (Rialtas na hÉireann 2013), tá foráil le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gcaighdeán ó am go céile. Cur chuige tuairisciúil is bunús leis an *New English-Irish Dictionary*, i gcomhair le cleachtais bhunaithe san fhoclóireacht nua-aimseartha, agus tá san áireamh ann cuid mhór foirmeacha nuálacha neamhthraidisiúnta. I gcásanna eile, níl an *New English-Irish Dictionary* ag teacht le caighdeán 2017.

Sampla maith iad na forbairtí seo den tslí a bpléann an stát leis an nGaeilge mar earra a chuirtear ar fáil don phobal (féach Brennan 2018). Bíodh is nárbh ionann an toradh, léiríonn na comhairliúcháin phoiblí do chaighdeán 2011 agus 2017, chomh maith leis an

roghnachas i gcaighdeán 2012, go bhfreastalaítear go pointe ar mhianta an phobail, pobal ar thomhaltóirí iad a bhfuil seirbhísí an stáit in ainm is a bheith ag freastal orthu. Ar an tslí chéanna, léiríonn cur chuige tuairisciúil an fhoclóra (atá ag teacht leis an dea-chleachtas san fhoclóireacht) cur chuige úsáideoir-bhunaithe maidir le noirm teangeolaíochta a shainiú. Eascraíonn ceisteanna bunúsacha as na tionscnaimh seo go léir maidir le caighdeán teanga na Gaeilge. Is é atá le tuiscint ó na comhairliúcháin phoiblí, ó na difríochtaí idir an caighdeán agus an foclóir, agus ón bhforáil le hathbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar an gcaighdeán ná go bhfuil tírdhreach idé-eolaíochta na Gaeilge ag aistriú (Ó Murchadha & Kavanagh 2022). Tá noirm teanga na Gaeilge guagach go maith. Ní hamhlaidh a thuilleadh go bhfuil na noirm sin socair agus bunaithe ar údarás réamhshocráithe na gcanúintí traidisiúnta Gaeltachta nó ar chinntí dochta fadtéarmacha aontaobhacha forais stáit (Ó Murchadha & Kavanagh 2022). Chítear a leithéid céanna i bpróisis chaighdeánaithe chomhaimseartha i gcoitinne (Ayres-Bennett & Bellamy 2021; Coupland & Kristiansen 2011). Nuair a chuirtear leis sin an éagsúlacht nua in urlabhra cainteoirí óga Gaeltachta agus nuachainteoirí, is cosúil gur ceist chigilteach a bheidh i gceist an údaráis agus an ghradaim sa Ghaeilge amach anseo. Is cosúil gur idirbheartaíocht a bheidh ann idir an stát agus an pobal, cé gur ag an stát a bheidh an chumhacht i gcónaí.

8. Oideachas

Tá suíomh láidir ag an nGaeilge san oideachas i gcomparáid le cuid mhór mionteangacha. Agus an Ghaeilge sa chóras oideachais faoi chaibidil, ní mór PÉ agus TÉ a idirdhealú agus ní mór an Ghaeilge mar ábhar agus an Ghaeilge mar mheán teagaisc a idirdhealú leis. In PÉ, ní mór an difríocht idir an Ghaeilge mar mheán teagaisc sa Ghaeltacht agus lasmuigh den Ghaeltacht a aithint chomh maith.

Ag leibhéal na réamhscolaíochta, na bunscolaíochta agus na hiar-bhunscolaíochta in PÉ agus TÉ, tá an Ghaeilge ar fáil mar mheán teagaisc i líon beag scoileanna. In PÉ, scoileanna a fheidhmíonn trí Ghaeilge iad 7% de na bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, agus tá líon beag aonad trí Ghaeilge lonnaithe in iar-bhunscoileanna a fheidhmíonn trí Bhéarla leis. In TÉ, feidhmíonn 4% de bhunscoileanna agus 1% d'iar-bhunscoileanna trí mheán na Gaeilge agus tá aonad trí Ghaeilge ag 1% de scoileanna trí Bhéarla.

An phríomhshlí a gcuirtear an Ghaeilge os comhair daltaí sa chóras oideachais ná mar ábhar múinte. Croí-ábhar í an Ghaeilge sa bhunscolaíocht agus san iar-bhunscolaíocht in PÉ. In TÉ, ní croí-ábhar í an Ghaeilge sa bhunscolaíocht ach is féidir staidéar a dhéanamh uirthi mar ábhar breise. San iar-bhunscolaíocht in TÉ, tugann gach dalta faoi staidéar ar nuatheanga éigin agus tá an Ghaeilge i measc na roghanna. Sa mhéid is go bhfuil an Ghaeilge á teagasc in aon chor, is i scoileanna Caitliceacha nó comhtháite atá sí á teagasc.

Tá an Ghaeilge ar fáil mar ábhar in ollscoileanna PÉ agus TÉ, agus in ollscoileanna thar lear chomh maith. Is ábhar máithreánachta í an Ghaeilge in Ollscoil na hÉireann agus is ábhar éigeantach í san oideachas tosaigh do bhunmhúinteoirí in PÉ. Tá oideachas tosaigh múinteoirí ar fáil trí Ghaeilge agus tá cláir mháistreachta trí Ghaeilge do mhúinteoirí cáilithe ar fáil in institiúidí in PÉ agus TÉ. Tá cláir tríú leibhéal trí Ghaeilge in ábhair eile ar fáil leis in institiúidí in PÉ chomh maith. Tá cuntas níos cuimsithí ar an nGaeilge sa chóras oideachais ar fáil i dtuairiscí Mercator ar PÉ (Mercator 2016) agus TÉ (Mercator 2019).

Sa Ghaeltacht, aithnítear go gcuireann an réamhscolaíocht (Hickey 2001), an bhunscolaíocht agus an iar-bhunscolaíocht (Mac Donnacha et al. 2004) trí Ghaeilge ar chumas páistí cumas sa Ghaeilge a fhorbairt. Bíodh sin ráite, maítear nár mhiste aird a thabhairt ar an tslí a ndéantar sóisialú ar an mBéarla mar theanga an phiarghrúpa san oideachas trí Ghaeilge, fiú nuair atá tacaíocht institiúideach láidir ag an nGaeilge agus nuair is tromlach iad na páistí a bhfuil an Ghaeilge ina teanga bhaile acu (Hickey 2001; Mac Donnacha et al. 2004). Tá baint ag an bhfeiniméan seo le cumhacht an Bhéarla agus leis an nós seanbhunaithe gan Gaeilge a labhairt nuair atá an baol ann nach mbeidh an comhlúadar ar fad in ann páirt a ghlacadh sa chomhrá (Committee on Irish Language Attitudes Research 1975). Dá dheasca sin, is deacair spás a aimsiú don Ghaeilge ar scoil agus is dúshlánach an mhaise a chur ar chumas daltaí a úsáideann an Ghaeilge sa mbaile ardchumas a bhaint amach sa teanga (Ní Shéaghdha 2010).

Freagra amháin a tháinig ar na dúshláin san earnáil ná an Polasaí don Oideachas Gaeltachta (An Roinn Oideachais agus Scileanna 2016). I measc na dtionscnamh sa pholasaí sin tá scéim aitheantais do scoileanna Gaeltachta, áit a gcuireann scoileanna isteach ar an scéim agus áit a bhfuil critéir le sásamh acu le haitheantas a fháil mar scoil Ghaeltachta (féach An Chigireacht & An Foras Taighde ar Oideachas 2021; Ó Duibhir et al. 2020). Aithnítear sa scéim an gá atá ann freastal ar riachtanais uathúla páistí a thagann chun na scoile ar bheagán Gaeilge agus páistí a thagann chun na scoile tar éis dóibh an Ghaeilge a shealbhú cheana féin sa mbaile. Cuirtear am teagaisc faoi leith ar fáil tríd an scéim chun tacú le cainteoirí baile Gaeilge. Tá an dá chur chuige seo ag teacht go mór leis an mórphatrún sa bheartas teanga. Cuirtear freagracht ar an bpobal áitiúil agus idirdhealaítear an mionlach teangeolaíochta ón mórphobal, sa Ghaeltacht féin fiú.

Bíodh is go raibh an t-oideachas trí Ghaeilge lárnach i mbeartas oideachais an stáit tar éis bhunú an tSaorstáit/na Poblachta, gníomhaíochas tuismitheoirí a thiomáin é ó na 1970í ar aghaidh (Kavanagh 2013: 33; Ó Duibhir 2018; Ó hIfearnáin 2009; Ó Riagáin 1997: 25). Maoiníonn na ranna atá freagrach as an oideachas an soláthair trí Ghaeilge in PÉ agus TÉ tar éis a mbunaithe. Mar sin féin, is amhlaidh go fóill gur gníomhaíochas an phobail, seachas tionscnamh an stáit, a thiomáineann bunú scoileanna trí Ghaeilge ar an gcéad dul síos. Sa tslí seo, is féidir leis an stát an t-éileamh ar oideachas trí Gaeilge a mheas in áiteanna faoi leith agus scoil trí Ghaeilge a bhunú don mhionlach substaintiúil ar mian leo a leithéid.

Tá ainm amuigh ar an oideachas trí Ghaeilge in PÉ mar chóras a chuireann oideachas ar ardchaighdeán ar fáil (Kavanagh 2013: 84; Mhic Mhathúna & Nic Fhionnlaoich 2021). Éiríonn go maith le daltaí san oideachas trí Ghaeilge i dtástálacha caighdeánacha (Kavanagh et al. 2015: xi) agus téann líon suntasach de na daltaí san earnáil sin ar aghaidh go dtí an ollscoil. Léiríonn taighde ar roghnú scoileanna in PÉ go gcuirfeadh 23% agus 18% den phobal a bpáistí chuig bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna trí Ghaeilge dá mbeadh a leithéid ar fáil in aice láimhe (Darmody & Daly 2015: 82). In ainneoin an rath a bhíonn ar an oideachas trí Ghaeilge, is ann don tuairim gur córas eilíteach meán-aicmeach é (Kavanagh 2013: 40). Bíodh is go bhfuil fonn ar scoileanna a fheidhmíonn trí Ghaeilge daltaí a earcú a bhfuil cúdraí ilchineálacha acu, agus bíodh is go n-éiríonn le cuid acu sa mhéid sin (Nic Aindriú, Ó Duibhir, & Travers 2020), is cosúil go bhfuil ionadaíocht íseal ag daltaí ó ghrúpaí áirithe san earnáil, daltaí ó chúdraí nua-Éireannacha cuir i gcás (féach a laghad daltaí in Ó Duibhir & Ní Thuairisg [2019: 125] a labharaíonn teanga seachas an Ghaeilge nó an Béarla sa mbaile). Sa bhreis air sin, tuairiscítear go roghnaíonn roinnt tuismitheoirí oideachas trí Ghaeilge ar mhaithe le grúpaí áirithe a sheachaint, daltaí a

bhfuil cúlra inimirceach agus/nó a bhfuil riachtanais bhreise oideachais acu mar shampla, mar go gcreideann siad gur ar aimhleas a bpáistí féin a bheadh sé a bheith ag foghlaim taobh leis na daltaí sin (Kavanagh 2013: 84–85).

Is féidir le heispéireas fhoghlaím na Gaeilge mar ábhar san oideachas a bheith claochlaitheach do dhaltaí áirithe agus gearrann cuid acu cosán dóibh féin chun an Ghaeilge a úsáid go rialta. Mar sin féin, ní éiríonn le cuid mhór daltaí ach beagán Gaeilge a fhoghlaím san oideachas. In PÉ, cuirtear síos ar an laghdú atá tagtha ar ghnóthachtáil daltaí sa Ghaeilge sa chóras oideachas trí Bhéarla agus nasctar an treocht sin le hathruithe polasaí (Harris 2008). Thuairiscigh tuarascáil cigireachta le blianta beaga anuas na laigí i dteagasc na Gaeilge mar ábhar, go háirithe sa bhunscolaíocht (Inspectorate 2018: 52). Fágann athruithe a deineadh ar an gcuraclam iar-bhunscolaíochta le déanaí go bhfuil sonraíochtaí faoi leith anois ann do scoileanna trí Ghaeilge agus do scoileanna trí Bhéarla, córas a idirdhealaíonn an mionlach a fhoghlaímíonn trí Ghaeilge ón tromlach a fhoghlaímíonn trí Bhéarla agus a fhoghlaímíonn an Ghaeilge mar ábhar amháin. Seachas díriú ar ardchumas teanga a chothú i ndaltaí, faoi mar a bhí amhlaidh san am atá caite, ghoefáí a rá, tá an chuma ar an scéal go bhfuil an Ghaeilge sa chóras scolaíochta trí Bhéarla anois dírithe den chuid is mó ar nasc le hoidhreacht teanga agus cultúrtha a chur ar fáil do dhaltaí, agus ar an bhfeasacht teanga, cultúir agus an fhéinfheasacht.

In TÉ, is scáthán eile ar luach cultúir agus oidhreacht na Gaeilge gur i scoileanna Caitliceacha nó comhtháite amháin a mhúintear an teanga. É sin ráite, cuireann Mac Giolla Chríost (2005: 215) cuid mhór samplaí ar fáil d'fhoghlaím na Gaeilge i measc Protastúnach agus Aontachtach. Sa lá inniu, tá deiseanna go leor leis an nGaeilge a fhoghlaím ar fáil do dhaoine ón traidisiún Protastúnach nó Aontachtach (Dunlevy 2020). Is den tsuim é arís, áfach, go ndéantar sin go minic laistigh de dhioscúrsa oidhreacht a leagann béim ar stair na Gaeilge i measc Protastúnach agus Aontachtach agus a tharraingíonn aird ar an nasc teangeolaíochta idir an Ghaeilge agus teangacha Ceilteacha a labhraítear sa Bhreatain.

9. Na meáin

Tá ról lárnach ag na meáin in athneartú na Gaeilge le fada, mar is léir ón mbéim ar fhorbairt na meán scríofa le linn thréimhse na hAthbheochana (Uí Chollatáin 2011). Tá na meáin Ghaeilge dea-fhorbartha sa lá inniu i gcomparáid le cuid mhór mionteangacha agus tá ábhar Gaeilge le fáil ar ardáin trí Ghaeilge agus ar ardáin trí Bhéarla araon. Dar ndóigh ó thaobh na meán craolta de, tá TG4 agus RTÉ Raidió na Gaeltachta ann, ach tá stáisiúin raidió pobail ar fáil in PÉ agus TÉ leis a chraolann trí Ghaeilge amháin. Ó thaobh na meán scríofa de, cuireann *Tuairisc.ie* seirbhís nuachta agus cúrsaí reatha ar fáil ar líne agus cuireann *Nuacht RTÉ* ábhar nuachta agus cúrsaí reatha ar fáil bunaithe ar ábhar a chraolann RTÉ trí Ghaeilge. Iris chultúir ar líne é *Nós.ie* agus is iris liteartha síntiús-bhunaithe ar líne é *COMHAR*. Fágann An tAcht Craolacháin (2009) go bhfuil dualgas ar sheirbhísí trí Bhéarla in PÉ ábhar éigin trí Ghaeilge a chraoladh. In TÉ, craolann BBC Northern Ireland ábhar trí Ghaeilge ar an raidió agus ar an teilifís. Chomh maith leis sin, cuireann meáin scríofa trí Bhéarla in PÉ agus TÉ roinnt ábhar ar fáil i nGaeilge, ábhar a fhoilsítear i rannóga faoi leith ar laethanta faoi leith de ghnáth.

Bronntar maoiniú stáit ar na meáin scríofa agus chraolta trí Ghaeilge a gcuirtear síos orthu thuas, ach bunaíodh iad mar thoradh ar ghníomhaíochas agus ar bhrú ón bpobal seachas mar thoradh ar thionscnaíocht an stáit. Bunaíodh RTÉ Raidió na Gaeltachta (1972) agus TG4 (1996) tar éis blianta fada gníomhaíochais agus feachtasaíochta agus tar éis gur bunaíodh stáisiúin bhradacha (Delap 2008). Tharraing na feachtais sin go mór a dhioscúrsaí cearta-bhunaithe a d'éiligh meáin chraolta trí Ghaeilge do mhionphobal teanga na Gaeilge. Sa tslí chéanna, is iad an pobal a thionscnaigh stáisiúin raidió pobail trí Ghaeilge, e.g. Raidió na Life agus Raidió Fáilte, chomh maith le *COMHAR* agus *Nós.ie*. Bíodh is gur tháinig ann do *Tuairisc.ie* mar thoradh ar mhian Fhoras na Gaeilge seirbhís nuachta agus cúrsaí reatha ar líne a bhunú, bunaíodh an tseirbhís mar thoradh ar phróiseas tairisceana. Sa tslí sin, cuireadh amach ar conradh an fhreagracht as an tseirbhís a chruthú agus a sholáthair ar shlí a fhágann nach bhfuil baint ná freagracht dhíreach ag an stát as an tseirbhís. Tá sé ag teacht más ea le treochtaí reatha sa bheartas teanga, áit nach mbíonn an stát féin, bíodh PÉ nó TÉ i gceist ansin, lán-rannpháirteach i soláthair na seirbhísí ach maoiníonn siad dreamanna eile chun iad a chur ar fáil.

I measc na dtorthaí ar fhorbairt na meán le leathchéad bliain anuas, tá an tslí a gcuirtear an Ghaeilge i mbosca dá cuid féin, scartha amach ó thírdhreach na meán ginearálta (Delap 2008; Ó hÍfearnáin 2000). Sna meáin chraolta, mar shampla, chítear gur beag aird a thugann na craoltóirí naisiúnta RTÉ agus an BBC ar an nGaeilge. Seo in ainneoin dualgais a chuireann an tAcht Craolacháin ar na meáin in PÉ, go háirithe RTÉ, aird a thabhairt ar an nGaeilge. Aibhsíonn sraith tuarascálacha an seasamh imeallach atá ag an nGaeilge ar na meáin Bhéarla in PÉ mar shampla. Tuairscítear gur beag ábhar a chraoltar trí Ghaeilge agus is le linn uaireanta seachbhuaice a chraoltar an t-ábhar sin (Walsh 2021c; Walsh, Day, & Fogarty 2019; Walsh & Day 2018). Ar an tslí chéanna, rialaigh an Coimisinéir Teanga (2019) go raibh dualgais reachtúla á sárú ag RTÉ ar an ábhar nach raibh raon cuimsitheach clár trí Ghaeilge á chraoladh acu. Amhail beartais teanga i réimsí eile, léiríonn an tírdhreach craoltóireachta an tslí a gcaitear leis an nGaeilge inniu mar chúram mionlaigh a bhaineann le mionphobal agus mar chúram teoranta oidhreachta don daonra i gcoitinne (Ó hÍfearnáin 2009; Watson 2008).

Is suaithinseach an mhaise an cosán atá á ghearradh don Ghaeilge ar na meáin shóisialta le roinnt blianta anuas. Tá seasamh réasúnta láidir ag an nGaeilge ar na hardáin shóisialta (Scannell 2022). Tá comhéadan fhormhór na suíomhanna líonraithe sóisialta ar fáil i nGaeilge agus tá buíon bheag dhíograiseach úsáideoirí a dhéanann cumarsáid go hiomlán, den chuid is mó nó go pointe áirithe trí Ghaeilge ar na hardáin éagsúla (Scannell 2022). Ní miste a aithint arís, áfach, gur forbraíodh comhéadain na meán sóisialta agus ardáin teicneolaíochta eile de ghnáth mar fhreagra ar ghníomhaíochas agus feachtasaíocht an phobail, seachas mar thoradh ar thionscnaíocht an stáit nó na gcorparáidí ilnáisiúnta féin. I gcuid mhór cásanna, is iad pobal na Gaeilge féin a d'fhorbair na comhéadain ar bhonn deonach, i gcomhpháirt leis na comhlachtaí féin, i dtosach báire ar a laghad. Forbairt shuntasach eile í seo sa bheartas teanga sa mhéid gur comhlachtaí ilnáisiúnta, seachas an stát amháin, atá anois ag freagairt don bhrú a thagann ón bpobal. Ar mhórán slite, áfach, is mar a chéile a gcur chuige siúd agus cur chuige an stáit sa bheartas oifigiúil, mar shampla an cur chuige i bpróiseas pleanála teanga na Gaeltachta a tugadh isteach le hAcht na Gaeltachta 2012. Cur chuige nua-liobrálach is bunús le próiseas pleanála teanga na Gaeltachta agus soláthair comhéadan trí Ghaeilge araon. Éilíonn siad ar phobal na Gaeilge gníomhú ar bhonn deonach ar a son féin agus freagracht a ghlacadh as stiúradh an

bheartais teanga. Fágann an próiseas sin gurb iad an pobal féin a chuireann seirbhísí ar fáil dóibh féin, seirbhísí a mbeifí ag súil a bheadh ar fáil ón stát nó trí na comhlachtaí móra domhanda.

10. Conclúid agus deiseanna taighde don todhchaí

Cuirtear síos san alt seo ar mheath agus ar athbheochan na Gaeilge agus aibhsítear an tábhacht a bhaineann le beartais láidre chun tacú le mionteangacha. Níor forbraíodh riamh na beartais oifigiúla láidre in PÉ a raibh agus a mbíonn roinnt daoine ag súil leo agus a theastódh lena chinntiú go ndaingneofaí agus go leathnófaí úsáid na Gaeilge mar theanga phobail sa Ghaeltacht agus le go mbainfí úsáid fhorleathan aisti mar dhara teanga sa phobal i gcoitinne. Mar sin féin, is léir tábhacht an bheartais teanga oifigiúil in PÉ nuair a chuirtear comhthéacs PÉ i gcomparáid le comhthéacs TÉ, áit a bhfágann easpa beartas ar son na Gaeilge go mbítear doicheadallach go minic roimh an teanga. D'ainneoin laigí sa bheartas teanga, is teanga phobail í an Ghaeilge i gcónaí i gceantair sa Ghaeltacht, bíodh is go bhfuil sí faoi bhrú mór. Sealbhaíonn cuid mhór daoine laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht cumas sa Ghaeilge, tá meon dearfach i leith na teanga ag an bpobal trí chéile, agus sealbhaíonn úsáideoirí Gaeilge litearthacht sa teanga de ghnáth. Is mar chúram cearta-bhunaithe don mhionlach agus mar chúram oidhreacht don mhórlach a phléitear leis an nGaeilge i mbeartas teanga an lae inniu. Le breis is deich mbliana anuas, tá an fhreagracht as an mbainistiú teanga á chur ar ghníomhaithe áitiúla. San am céanna, in TÉ, tá fáilte níos mó roimh an nGaeilge anois sa bheartas oifigiúil teanga ná mar a bhí riamh ó bunaíodh an dlínse.

Fágann na forbairtí seo go léir gur maith is gur mithid iniúchadh a dhéanamh ar an gcomhthéacs sochtheangeolaíochta nua seo. Tá roinnt taighde ann cheana féin ar an réimeas planála teanga a tugadh isteach le hAcht na Gaeltachta 2012 (Brady 2018; Ó Ceallaigh 2020; Ó Giollagáin 2014a, 2014b; Walsh 2021b), agus tá measúnú idir lámha ar an Scéim Aitheantais do Scoileanna Gaeltachta a bunaíodh faoin bPolasaí don Oideachas Gaeltachta 2016 (An Chigireacht & An Foras Taighde ar Oideachas 2021). Cuireann an taighde seo ar chur i bhfeidhm Acht na Gaeltachta agus An Polasaí don Oideachas Gaeltachta bunchloch láidir ar fáil ar féidir tógaint uirthi le hiniúchadh a dhéanamh ar rannpháirtíocht gníomhaithe áitiúla sna próisis nua seo go bhfeicfear an mbraitheann siad go gcumasaíonn an córas nua iad a bheith lánpháirteach sa phleanáil teanga agus an éascaíonn an réimeas nua caomhnú agus athneartú na Gaeilge.

Lasmuigh den Ghaeltacht, is fiú aird a thabhairt ar athruithe tábhachtacha i réimse an oideachais. Tá curaclam comhtháite anois á chur i bhfeidhm ag leibhéal na bunscoile, curaclam a tharraingíonn ar an aistriú teanga idir an Béarla, an Ghaeilge agus teangacha eile (An Roinn Oideachais agus Scileanna 2019) agus tá sé i gceist go mbeadh laghdú 30 nóiméad ar an méid ama a chaithfear a chaitheamh ag teagasc na Gaeilge ó Rang a 3 ar aghaidh i mbunscoileanna trí Bhéarla. Idirdhealaítear daltaí san oideachas trí Ghaeilge ó dhaltaí san oideachas trí Bhéarla chomh maith céanna, idirdhealú a chítear sna sonraíochtaí is déanaí don Ghaeilge mar ábhar sa tsraith shóisearach iar-bhunscoile (An Roinn Oideachais agus Scileanna 2019; An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta 2021). In TÉ, tuartar go mbeidh an Ghaeilge ar an tarna teanga is mó a mbeidh éileamh uirthi (tar éis na Spáinnise) sna A-Levels (Collen 2021: 8). Ina dhiaidh sin, tá tréimhse shuntasach caite ó thosaigh imirce ar bhonn shuaithinseach chuig PÉ agus TÉ

agus tá glúin iomlán daltaí ó chúlra inimirceach imithe tríd an gcóras oideachais a dhein staidéar ar an nGaeilge agus tá aird á díriú de réir a chéile ar eispéireas na ndaltaí sin (Batardière et al. 2023; Smith–Christmas 2021). Lena chois sin, d'fhág an cogadh sa tSiria, ionradh na Rúise ar an Úcráin agus corraíl eile nach iad gur tháinig ardú mór ar an líon inimirceach éigeandála chun an oileáin le deich mbliana anuas, inimircigh a fhreastlaíonn ar scoileanna na tíre agus a théann i ngleic leis an nGaeilge i scoileanna a fheidhmíonn trí Bhéarla agus trí Ghaeilge araon. I measc na mórcheisteanna eile tá an tslí a dtéann úsáideoirí Gaeilge i ngleic le caighdeán teanga. Fágann na nuálacha teangeolaíochta agus forbairtí nua i réimse an chaighdeánaithe go mbaineann tábhacht mhór leis an tslí a dtéann an pobal i ngleic leis an éagsúlacht teanga agus le noirm teanga. Ní miste aird a thabhairt air sin sa taighde. Ar deireadh, i bhfianaise an bhéim a chuirtear sa bheartas oifigiúil teanga ar an nGaeilge mar cheist mhionlaigh chearta–bhunaithe agus mar cheist oidhreacht, níor mhór iniúchadh a dhéanamh ar an idiroibriú idir an dá shnáithe sin agus pé acu an éiríonn nó nach n-éiríonn leis an mbeartas freastal go cothrom ar an dá chúram sin.

References

An Chigireacht & An Foras Taighde ar Oideachas. 2021. *Staidéar Taighde agus Meastóireachta ar an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta: Tuarascáil ar Scoileanna Cás–Staidéir rannpháirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais. <https://assets.gov.ie/197926/62e098f5-67c1-4bc6-b2c7-f3eb9f9bf723.pdf> (<https://assets.gov.ie/197926/62e098f5-67c1-4bc6-b2c7-f3eb9f9bf723.pdf>) (rochtain ar an 8 Deireadh Fómhair 2024).

An Chomhairle Naisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. 2021. *Consultation on the Draft Specification for Leaving Certificate Irish*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle Naisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

An Coimisinéir Teanga. 2019. *Tuairisc Bhliantúil – Annual Report 2018*. Baile Átha Cliath: Oifig an Choimisinéara Teanga. https://coimisineir.ie/userfiles/files/Tuarascail_Bhliantuil_2018.pdf (https://coimisineir.ie/userfiles/files/Tuarascail_Bhliantuil_2018.pdf?lang=EN) (rochtain ar an 29 Iúil 2021).

An Coimisinéir Teanga. 2020. *Tuairisc Bhliantúil – Annual Report 2019*. Baile Átha Cliath: Oifig an Choimisinéara Teanga. https://www.coimisineir.ie/userfiles/files/CT_TuarascailBhliantuil2019.pdf (https://www.coimisineir.ie/userfiles/files/CT_TuarascailBhliantuil2019.pdf) (rochtain ar an 29 Iúil 2021).

